**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 1 Márta 2010 (02.03)**
**(OR. en)**

**5885/4/10**
**REV 4 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2008/0198 (COD)**

**AGRI 31**
**ENV 50**
**FORETS 17**
**CODEC 75**
**DEVGEN 40**
**RELEX 102**
**JUR 52**
**UD 30**
**WTO 30**
**PROBA 13**

**DRÉACHTRÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ar an gcéad léamh a ghlac an Chomhairle an **1 Márta 2010** chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh. |

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

# I. RÉAMHRÁ

1. An 17 Deireadh Fómhair 2008, chuir an Coimisiún isteach togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh. Tá an togra bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 22 Aibreán 2009[1]. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta uaidh a thuairim an 1 Deireadh Fómhair 2009 agus chuir Coiste na Réigiún in iúl nach raibh sé ar intinn aige tuairim a thabhairt uaidh.

3. An 1 Márta 2010, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir le hAirteagal 294 de CFAE.

# II. CUSPÓIRÍ

Is é is cuspóir don Rialachán go laghdófaí an riosca go ndéanfaí adhmad arna lománú go neamhdhleathach a chur ar an margadh inmheánach. Tá sé bunaithe ar phrionsabal an díchill chuí agus dírítear leis ar an gcéad uair a chuirtear adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh inmheánach. Choimeád an Chomhairle sprid chur chuige sistéimeach an Choimisiúin. Dá bhrí sin, dhírigh sí ar na ceanglais dhlíthiúla atá ar an oibreoir é féin a iompar go réamhghníomhach a shaothrú tuilleadh.

[1] 8881/09

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### 1. Barúlacha ginearálta

Ar an gcéad léamh di an 22 Aibreán 2009, ghlac Parlaimint na hEorpa (PE) 75 leasú.

Ionchorpraítear, le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, roinnt de leasuithe Pharlaimint na hEorpa, go páirteach nó sa spiorad. Ina measc siúd go sonrach tá na nithe seo: gur cheart aird ar leith a thabhairt ar thionchar an Rialacháin ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (leasuithe 22, 29, 47, 72); nár cheart go n-eisiafaí as raon feidhme an Rialacháin adhmad agus táirgí adhmaid a bheadh faoi réir critéar éigeantach inbhuanaitheachta (leasú 21 agus leasú 32) agus gur cheart don Choimisiún aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí monatóireachta a bhfuil sé ar intinn acu a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh i níos mó ná Ballstát amháin (leasuithe 51-56).

Bhí leasuithe eile ann, áfach, nár léiríodh i seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh mar gur mheas an Chomhairle nach raibh gá leo i bhfianaise na slí ar tháinig an téacs chun cinn. Thug an Chomhairle isteach roinnt athruithe a rinneadh de bharr theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin an 1 Nollaig 2009, go háirithe an creat dlíthiúil a bhunófar a ghlacfaidh ionad chóras an nós imeachta coiste. Ó tharla gur tugadh seasamh PE ar an gcéad léamh tuairim is seacht mí sular tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, níor cuireadh na leasuithe a bhain leis an nós imeachta coiste san áireamh mar nach raibh siad ábhartha a thuilleadh.

Áirítear chomh maith i seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh roinnt athruithe seachas na cinn a bheartaítear i seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh. Déantar cur síos sna ranna seo a leanas ar na hathruithe substainteacha. Ina theannta sin, tá athruithe dréachtaithe ann chun an téacs a shoiléiriú nó d'fhonn a áirithiú go bhfuil an Rialachán comhsheasmhach i gcoitinne.

## 2. Pointí faoi leith

### Sainmhínithe

Rinneadh na hathruithe seo a leanas ar an togra bunaidh:

- rinneadh an sainmhíniú ar "adhmad agus táirgí adhmaid" a mhodhnú chun a chur in iúl nach gcumhdófar faoin sainmhíniú sin táirgí adhmaid athchúrsáilte - is é sin, táirgí adhmaid nó comhpháirteanna na dtáirgí sin a mhonaraítear as adhmad agus as táirgí adhmaid a bhfuil a saolré tugtha chun críche acu agus a dhéanfaí a dhiúscairt mar dhramhaíl murach sin - mar measadh go mbeadh sé neamhréireach a chur de cheangal ar oibreoirí faisnéis a fháil ar fhoinse bunaidh an adhmaid a bheadh i dtáirgí athchúrsáilte;
- scriosadh an eisceacht a bhí á beartú le haghaidh adhmaid agus le haghaidh táirgí adhmaid atá faoi réir na gcritéar éigeantach inbhuanaitheachta (leasú 21 agus leasú 32);
- soiléiríodh nár cheart go gcumhdófaí faoin sainmhíniú ar "adhmad agus tairgí adhmaid" (leasú 34) na táirgí adhmaid a dhíorthaítear as adhmad nó as táirgí adhmaid a cuireadh ar an margadh cheana féin;
- shonraigh an Chomhairle an bhrí atá le "cur ar an margadh" trína chur isteach go n-áirítear leis na teicnící díola go léir; chuir sí isteach freisin go n-áirítear leis chomh maith soláthar trí chianchumarsáid;
- cuireadh isteach coincheap réigiún fo-náisiúnta na lománaíochta chun go gclúdófaí cásannna a bhfuil difríochtaí réigiúnacha laistigh de thír i gceist leo;
- leathnaíodh an sainmhíniú ar "thír na lománaíochta" le go gcuimseofaí ní amháin tíortha leis ach críocha chomh maith;
- scriosadh na sainmhínithe ar "bhainistiú riosca" agus ar "eagraíocht monatóireachta" mar measadh gur chuimsithí a chuirtear síos ar na coincheapa seo san Airteagal faoi seach.

**An reachtaíocht is infheidhme**

Is ceann de shaincheisteanna lárnacha an dréacht-Rialacháin é an sainmhíniú ar an reachtaíocht is infheidhme mar nár mhór don oibreoir rochtain a bheith aige ar fhaisnéis i dtaobh an gcomhlíonann adhmad agus táirgí adhmaid an reachtaíocht is infheidhme. Rinne an Chomhairle a dícheall chun cothromaíocht cheart a bhaint amach idir liosta leathnaithe de réimsí reachtaíochta agus liosta a d'áireodh na réimsí ábhartha reachtaíochta i dtéarmaí ginearálta. Rinne an Chomhairle an sainmhíniú a cuireadh chun cinn sa togra ón gCoimisiún a leathnú le go gcuirfí an reachtaíocht a bhaineann le foraoiseacht san áireamh ann, lena n-áirítear reachtaíocht ar reachtaíocht chomhshaoil go díreach í mar aon le reachtaíocht na trádála agus reachtaíocht an chustaim, a mhéid a bhaineann siad le hearnáil na foraoiseachta. Chuir an Chomhairle isteach na "cearta dlíthiúla atá ag tríú páirtithe maidir le húsáid agus maidir le tionacht...", rud a d'fhéadfaí a rá atá ag teacht leis an gcur chuige a bhí ag PE nuair a luaigh sí "tionacht maoine agus cearta na bpobal dúchais" (leasú 38). Mheas an Chomhairle, áfach, go gcothófaí fadhbanna ar leibhéal an dlí agus ar leibhéal praiticiúil le leasuithe PE maidir leis an reachtaíocht saothair agus an reachtaíocht um leas an phobail a chur san áireamh.

**Córais an díchill chuí**

Mheas an Chomhairle go raibh sé tábhachtach go ndéanfaí príomheilimintí an dréacht-Rialacháin a shoiléiriú. Dá bhrí sin, rinne sí trí eilimint i gcóras an díchill chuí a shaothrú: rochtain ar fhaisnéis áirithe, an nós imeachta um measúnú riosca agus an nós imeachta um maolú riosca. I leasú 37 ó PE, b'fhacthas do PE freisin gur ghá dá eilimint a leagan amach go soiléir, is iad sin, aithint riosca agus íoslaghdú riosca.

I dtaobh na nósanna imeachta um measúnú riosca, rinne an Chomhairle ceithre cinn de chritéir um measúnú riosca a leagan amach ar féidir cur leo de bhun Airteagal 290 de CFAE.

Ina hAirteagal 5 (1) (b) agus (c), d'fhéach an Chomhairle le hidirdhealú a dhéanamh idir na nósanna imeachta um measúnú riosca agus na nósanna imeachta um maolú riosca, de réir tosca éagsúla amhail castacht na táirge agus tionscnamh na táirge, gan cásanna a lua go sonrach ar gá díriú orthu go speisialta, trí cheangaltais níos déine nó níos scaoilte a thabhairt isteach (leasú 47).

Murab ionann agus PE, níor leathnaigh an Chomhairle oibleagáid an díchill chuí chuig oibreoirí seachas oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh inmheánach den chéad uair (leasuithe 15, 17, 19, 20, 31, 33, 35, 41, 42, 43, 50). Measadh go mbeadh ualach rómhór ag gabháil le leathnú den sórt sin.

Rinne an Chomhairle foráil go bhféadfadh an t-oibreoir roghnú idir trí chóras díchill chuí éagsúla, a chóras féin, córas díchill chuí arna chur ar fáil ag eagraíocht monatóireachta nó córas arna chur ar fáil ag tríú páirtí.

**Raon feidhme**

Scrios an Chomhairle, mar a rinne PE an díolúine a bhí sa togra ón gCoimisiún (leasú 21 agus leasú 32) ar díolúine í a bhí á beartú le haghaidh adhmaid atá faoi réir na gcritéar éigeantach inbhuanaitheachta.

**Iarscríbhinn**

Chuir an Chomhairle ord nua ar na táirgí adhmaid atá san Iarscríbhinn de réir uimhriú na gcód AC agus chuir sí roinnt aicmí táirgí isteach. Mheas sí go mbeadh ualach róthrom ar oibreoirí ag an bpointe seo dá gcuirfí aicmí eile isteach (leasú 74 agus leasú 75).

**Eagraíochtaí monatóireachta**

Bhí an Chomhairle ar aon intinn le PE, go raibh sé tábhachtach go mbeadh caighdeáin chomhchuibhithe ann ar fud an AE agus mhol sí gur cheart don Choimisiún aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí monatóireachta chomh maith. Rinne an Chomhairle idirdhealú idir eagraíochtaí monatóireachta a mbeadh sé ar intinn acu gníomhaíochtaí a chur i gcrích i mBallstát amháin agus iad siúd a mbeadh sé ar intinn acu gníomhaíochtaí a chur i gcrích i mBallstáit éagsúla. D'aontaigh sí gur cheart don Choimisiún aitheantas a thabhairt do na heagraíochtaí sin a raibh a gcuid gníomhaíochtaí á ndéanamh acu i mBallstáit éagsúla (leasuithe 51, 53, 54, 55, 56) cf. (Airteagal 7(3)). Mar sin féin, measadh é a bheith níos praiticiúla gurbh é údarás inniúil Ballstáit a bheadh freagrach as aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí monatóireachta ar sa Bhallstáit sin amháin a bhí a gcuid gníomhaíochtaí á ndéanamh acu. Bhí an Chomhairle ar aon intinn le PE, go raibh sé tábhachtach gur cheart don eagraíocht monatóireachta a cuid feidhmeanna a dhéanamh ar chaoi go bhféadfaí aon choimhlint leasa a sheachaint (leasú 51) (cf. Airteagal 7(2)(c)). Níor measadh go raibh sé riachtanach idirdhealú a dhéanamh maidir le cé acu an eintiteas poiblí nó eintiteas príobháideach í an eagraíocht monatóireachta (leasú 51 agus leasú 52).

**Pionóis**

Smaoinigh an Chomhairle ar liosta pionós a chur isteach (leasú 69) ach tar éis an cheist a phlé ar feadh i bhfad, chinn sí go gcloífeadh sí leis an bhfoclaíocht a bhí sa togra ón gCoimisiún, ar foclaíocht í a comhaontaíodh i gcomhair reachtaíocht an AE. Ba é an bharúil a bhí ag go leor Ballstát go raibh leibhéal agus ábhar na bpionós laistigh de raon inniúlachta na mBallstát. Ina theannta sin, dá ndéanfaí liosta pionós a leagan amach, tharraingeofaí anuas roinnt ceisteanna praiticiúla ar nós uileghabhálacht an liosta agus ar nós na ndeacrachtaí maidir leis na sáruithe uile a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint ag an bpointe sin.

**Toirmeasc**

Choimeád an Chomhairle sprid an togra ón gCoimisiún maidir le cur chuige sistéimeach. Ba cheart do na hoibreoirí córas an díchill chuí a úsáid d'fhonn go laghdófaí an riosca go ndéanfaí adhmad agus táirgí as adhmad arna lománú go neamhdhleathach a chur ar an margadh. Ní thagann an Chomhairle le dearcadh PE gur cheart toirmeasc a thabhairt isteach chun an dlíthiúlacht a áirithiú (leasuithe 17, 19, 31, 42 (maidir le hAirteagal 3(1)), 43, 50, 71). Measadh nach raibh síniú den sórt sin ar an raon feidhme ag teacht le sprid an togra agus nach raibh sé inghlactha dá bharr sin.

**Cur i bhfeidhm**

Mheas an Chomhairle gur mbeadh sé míréalaíoch go ndéanfaí an Rialachán infheidhme aon bhliain amháin tar éis an dáta a dtiocfadh sé i bhfeidhm, is cuma cé chomh hinmhianaithe a bheadh sé sin (leasú 73). Dá bhrí sin, agus chun am a thabhairt do na hoibreoirí dul i dtaithí ar an staid nua agus chun go nglacfaí na bearta cur chun feidhme, moladh gur cheart go ndéanfaí an Rialachán infheidhme 30 mí tar éis an dáta a dtiocfadh sé i bhfeidhm.

**Cás na bhfiontar beag agus meánmhéide/cás na n-oibreoirí beaga agus meánmhéide**

Chuir an Chomhairle san áireamh, mar a rinne PE, cás speisialta na bhfiontar beag agus meánmhéide agus cás na n-oibreoirí beaga agus meánmhéide (leasuithe 22, 29, 47, 72). Mar shampla, tá coincheap an *riosca neamhbhríoch* tugtha isteach aici in Airteagal 5(1)(c). Leagtar amach in Airteagal 12 nár cheart go gcuirfí ualach neamhréireach ar oibreoirí leis na gníomhartha arna dtarmligean, ar gníomhartha iad a dhéanfaidh liosta na n-adhmad agus na dtáirgí adhmaid a leagtar amach san Iarscríbhinn a leasú agus a fhorlíonadh. In Airteagal 18 maidir le tuairisciú, léirigh an Chomhairle chomh maith gur cheart go dtabharfaí aird ar leith leis an athbhreithniú ar na hiarmhairtí riaracháin a bheadh i gceist d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

**Na haithrisí agus tagairtí do shaincheisteanna comhshaoil (bainistiú inbhuanaithe foraoisí)**

Chuir PE isteach roinnt mhaith aithrisí chun an comhshaol foraoise, an bhithéagsúlacht, éiceachórais na bhforaoisí agus bainistiú inbuanaithe foraoisí a chur san áireamh (leasuithe 2-8, 10, 11, 14). Ó tharla gur i gcroílár an Rialacháin atá córas an díchill chuí agus iompar na n-oibreoirí chun go laghdófar an riosca go ndéanfar adhmad agus táirgí adhmaid arna lománú go neamhdhleathach a chur ar an margadh, measann an Chomhairle go bhfuil na tagairtí sin iomarcach, is cuma cé chomh hinmhianaithe atá na cuspóirí. Ina theannta sin, is chun forálacha an Rialacháin a dhlisteanú atá na haithrisí ann agus sa chás seo níl aon fhorálacha oibríochtúla ann a bhféadfaí na haithrisí sin a nascadh leo.

**Athbhreithniú**

D'aontaigh an Chomhairle le PE gur gá go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán agus gur cheart, leis an athbhreithniú sin, go dtabharfaí aghaidh go háirithe ar na hiarmhairtí riaracháin a bheadh ann d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (leasú 72).

## 3. Athruithe eile a rinne an Chomhairle

**Stádas táirgí adhmaid arna gcumhdach ag FLEGT agus ag CITES**

Rinneadh an fhoráil maidir le hadhmad agus táirgí adhmaid arna gcumhdach ag FLEGT agus ag CITES a leagan amach in Airteagal ar leith toisc go meastar sa Rialachán gur leor ceadúnais FLEGT agus teastais CITES mar fhianaise ar lománú dleathach.

**Comhoibriú idir na húdaráis inniúla**

Shíl an Chomhairle nár ghá ach d'easnaimh thromchúiseacha a bheith faoi réir an mhalartaithe faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 11. Shonraigh an Chomhairle chomh maith gur cheart go ndéanfaí na cineálacha pionós arna bhforchur a chumhdach leis an malartú faisnéise.

**Ábhar**

D'fhonn cuspóir na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán a shoiléiriú, chuir an Chomhairle isteach gurb é an cuspóir atá ann go laghdófaí an riosca go ndéanfaí adhmad arna lománú go neamhdhleathach nó táirgí adhmaid a dhíorthaítear as an adhmad sin a chur ar an margadh.

**Na hathruithe de bharr Chonradh Liospóin**

Ó tharla go measann an Chomhairle gur cheart cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chuir sí trí Airteagal nua isteach a bhfuil gá leo le haghaidh na ngníomhartha sin arna dtarmligean, is iad sin Airteagal 5(3) agus Airteagal 7(7) agus Airteagal 12 mar aon le haithris nua. Ar an gcaoi chéanna, rinne an Chomhairle oiriúnú ar na forálacha le haghaidh bearta cur chun feidhme a ghlacadh de bhun Airteagal 291 de CFAE.

## IV. CONCLÚID

Creideann an Chomhairle go bhfuil a seasamh ar an gcéad léamh ag teacht le bunchuspóirí an togra ón gCoimisiún. Is ionann é agus pacáiste cothromúil beart trína rannchuideofaí leis na cuspóirí a bhaint amach maidir le dul i ngleic leis an lománaíocht neamhdhleathach.

Tá an Chomhairle ag tnúth le plé cuiditheach a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa le súil agus go bhféadfar teacht ar chomhaontú inoibrithe maidir leis an Rialachán seo.